Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

# Oifigeach Tionscadal (Grád V)

Ba mhaith le Tionól Réigiúnach an Deiscirt Oifigeach Tionscadal lánaimseartha a earcú chun tacú le bainistiú agus le seachadadh na dtionscadal maoinithe trí Chláir AE agus foinsí náisiúnta.

**An Post**
Áireoidh dualgais:

- Idirchaidreamh le heagraíochtaí agus grúpaí chun smaointe tionscadail a ghiniúint
- Oibriú le comhpháirtithe féideartha chun feidhmchláir d'ardchaighdeán a fhorbairt
- Iarratais tionscadail agus tairiscintí do Mhaoiniú AE a ullmhú
- Bainistiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na dtionscadal lena n-áirítear bainistíocht airgeadais agus tuairisciú
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Sreafaí maoinithe féideartha a bhaineann le leas réigiúnach a aithint
- Tabhairt faoi thaisteal a bhaineann le hobair, de réir mar is gá (baile agus idirnáisiúnta).

**An Duine**
Beidh an té a cheapfar dea-oilte agus beidh scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth aige/aici. Beidh sé/sí in ann déileáil le daoine in eagraíochtaí éagsúla. Ba chóir taithí mhaith a bheith ag iarrthóirí ar riarachán oifige, ar nósanna imeachta airgeadais agus ar bhainistiú foirne. Beifear ag súil go mbeidh eolas sásúil ag an Oifigeach Tionscadal ar eagraíochtaí na seirbhíse poiblí in Éirinn chomh maith le tuiscint phraiticiúil ar cheisteanna a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, saincheisteanna sóisialta agus pleanál ar leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Bheadh sé inmhianaithe feasacht a bheith aige/aici ar phrionsabail, ar bhainistiú agus ar riachtanais rialaithe agus tuairiscithe Chistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le heolas agus taithí ar bhainistiú tionscadal agus ar bhainistiú airgeadais.

**Láthair**
Tá Ceanncheathrú an Tionóil Réigiúnaigh i gCathair Phort Láirge agus beidh an post bunaithe sa Cheanncheathrú. Tá beartas cianoibre ag an Tionól Réigiúnach.

**Tuarastal**
€48,089 - €57,572 atá mar thuarastal ar an bpost seo (Incrimint Fad-Seirbhíse san áireamh).

**Dáta deiridh**
Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil ná **Déardaoin, 28 Marta 2024**

**Tuilleadh Sonraí**
Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí a íoslódáil ón suíomh idirlín www.southernassembly.ie nó is féidir iad a fháil ó hr@southernassembly.ie

***Cloíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt le beartas chomhdheiseanna***

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-funded by the European Union